# An Garda Síochána
# Plean Póilíneachta 2023

Tá An Garda Síochána i lár ár dtréimhse Ráiteas Straitéise 2022 – 2024 faoi láthair.
Le linn na tréimhse seo is é ár misean lárnach ná 'Daoine a Choinneáil Sábháilte' agus tá An Garda Síochána tiomanta go hiomlán dó seo.

Is é Plean Póilíneachta 2023 an dara ceann de thrí phlean bhliantúla a leagtar amach chun cuspóirí ár Ráiteas Straitéise a bhaint amach agus chun tacú lenár misean lárnach a bhaint amach.

Áirítear ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Póilíneachta 2023 comhpháirtíochtaí pobail a neartú, coireacht a chosc agus a bhrath go réamhghníomhach agus cur isteach uirthi, tacú le riachtanais na n-íospartach, agus slándáil an Stáit a chosaint.

Mar shaoránach, i measc cuid de na gníomhaíochtaí sonracha a fheicfidh tú i 2023 beidh:

Cur i bhFeidhm an **Chreata Póilíneachta Pobail** a thabhairt chun críche – Soláthraíonn An Creat Póilíneachta Pobail modheolaíocht trína dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna caighdeán na beatha dár bpobail, a bhaineann le ról an Gharda Síochána, i gcomhpháirtíocht le gníomhaireachtaí cuí, grúpaí pobail 7rl.

Cuirfidh seoladh ár **straitéise Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe**, chomh maith le cur i bhfeidhm na hoiliúna feasachta cultúir agus éagsúlachta, ar chumas an eagraíocht seirbhís phóilíneachta a sheachadadh a aithníonn éagsúlacht na ndaoine a bhfreastlaímid orthu

Córas **tomhais bunaithe ar thorthaí** a chur i bhfeidhm do gach cineál coireachta – Tabharfaidh sé seo léargas ar an bhfáth nár baineadh amach smachtbhanna agus soláthróidh sé sonraí saibhre d'íospartaigh, do gheallsealbhóirí agus do cheapadh beartais

**Córas práinnfhreagartha éigeandála GardaSAFE** a Chur i bhFeidhm – Tacóidh an córas seo lenár dtiomantas d'íospartaigh agus cinnteoidh sé go gcuirtear faisnéis láithreach agus ríthábhachtach ar fáil do Ghardaí ar an líne thosaigh agus iad ag freagairt glaonna

An **tSamhail Oibriúcháin** a Chur i bhFeidhm ag an Leibhéal Réigiúnach, Náisiúnta agus Roinne – Le cur i bhfeidhm na Samhla Oibriúcháin feicfear seachadadh comhsheasmhach seirbhíse Rannáin an Gharda Síochána le próisis agus oibríochtaí a thacaíonn le póilíneacht phobail ar an líne thosaigh

Cinnteoidh an obair a chuirfidh An Garda Síochána chun cinn i 2023 gur féidir linn leanúint ar aghaidh le caidreamh láidir a bheith againn lenár gcomhpháirtithe áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta chun coireacht a chosc, a dhíspreagadh, a bhrath agus a imscrúdú, chun sábháilteacht ár mbóithre a fheabhsú agus chun dul i ngleic le dochar sna pobail ar a bhfreastlaímid.